Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Márta 2019
(OR. en)

**7633/19**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0226(COD)**

**CODEC 703**
**DROIPEN 41**
**CYBER 97**
**JAI 304**
**TELECOM 136**
**MI 267**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le calaois agus góchumadh modhanna íocaíochta neamhairgid a chomhrac agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2001/413/CGB ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>– Ráiteas |

**Ráiteas ó Phoblacht na Seice**

Tacaíonn Poblacht na Seice le haidhm na Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le calaois agus góchumadh modhanna íocaíochta neamhairgid a chomhrac agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2001/413/CGB ón gComhairle (dá ngairtear "an Treoir" anseo feasta) chun cur leis an gcomhrac in aghaidh gníomhaíochtaí coiriúla i réimse na n-ionstraimí íocaíochta neamhairgid. Mar sin féin, ba mhaith le Poblacht na Seice a chur in iúl gur cúis imní di Airteagal 16 den Treoir maidir le cúnamh agus tacaíocht d'íospartaigh.

Le Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint d'íospartaigh na coireachta (dá ngairtear "an Treoir maidir le híospartaigh" anseo feasta), clúdaítear go leordhóthanach agus go cuimsitheach, dar linn, cearta, tacaíocht agus cosaint d'íospartaigh na coireachta. Leis an Treoir maidir le híospartaigh, sainmhínítear an téarma "*íospartach*" mar dhuine nádúrtha.

Faoi Airteagal 16 den Treoir áfach, cuirfidh na Ballstáit cúnamh agus tacaíocht ar fáil ní hamháin do dhaoine nádúrtha ach do dhaoine dlítheanacha freisin ar bhain díobháil dóibh mar thoradh ar aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3 go hAirteagal 8 den Treoir agus, ar an dóigh sin, iarrtar ar na Ballstáit a áirithiú go dtabharfar an leibhéal céanna cosanta do dhaoine dlítheanacha a ndearnadh éagóir orthu de dheasca cionta coiriúla de bhun na Treorach seo agus a thugtar do dhaoine nádúrtha.

Murab ionann agus daoine nádúrtha a bhféadfaí a rá ina dtaobh go bhfuil siad an-leochaileach go deo, seandaoine cuir i gcás, tabharfar ar aird go bhfuil ag daoine dlítheanacha íosmhéid éigin cumais, faisnéise agus taithí agus go bhfuil siad ceaptha a bheith eolach ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint lena ngníomhaíochtaí gnó. Ar an ábhar sin, measann Poblacht na Seice nach gá a chur ar fáil do dhaoine dlítheanacha comhairle agus faisnéis shonrach atá sa bhreis ar an gcomhairle agus ar an bhfaisnéis a thugtar le linn imeachtaí coiriúla, an dóigh mar shampla a ndéanann daoine iad féin a chosaint ar iarmhairtí díobhálacha na gcionta, amhail damáiste dá gclú, ós rud é go dtagann sé sin faoi réir imeachtaí sibhialta go hiondúil.

Ar an dóigh chéanna, ceaptar go bhfuil an oibleagáid chun faisnéis shonrach a chur ar fáil gan aon mhoill mhíchuí do dhaoine dlítheanacha tar éis dóibh dul i dteagmháil le húdarás inniúil den chéad uair gan údar agus díréireach. Tá Poblacht na Seice den tuairim gur leor daoine dlítheanacha a chur ar an eolas faoina gcearta nós imeachta in imeachtaí coiriúla, amhail an ceart chun faisnéis a fháil maidir leis an gcás, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

Tá Poblacht na Seice den tuairim freisin go bhfágfaidh cur chuige a thabharfar isteach leis an Treoir seo go ndéanfar cearta agus cosaint daoine dlítheanacha a leathnú ar bhonn páirteach neamhchórasach ar an ábhar nach mbeidh feidhm ag an Treoir ach maidir le gníomhaíocht choiriúil i réimse na modhanna íocaíochta neamhairgid. Más gá, ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, cearta daoine dlítheanacha a rialáil, ar daoine iad ar bhain díobháil dóibh mar thoradh ar chionta coiriúla, ba cheart na cearta sin a rialáil ar bhealach córasach laistigh d'ionstraim dlí ghinearálta aonair.

Anuas air sin, leis an gcur chuige a thabharfar isteach leis an Treoir cruthaítear fadhb ó thaobh na téarmaíochta de. Tá Poblacht na Seice den tuairim go mba cheart an téarma "*íospartach*" a úsáid go comhsheasmhach laistigh d'ionstraimí uile an Aontais Eorpaigh.